



LEABHRÁN EOLAIS

Cuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (publicjobs.ie) fáilte roimh iarratais ar

**DHEISEANNA DO CHÉIMITHE
OIFIGEACH RIARACHÁIN (BAILE ÁTHA CLIATH)**

Gnó/Airgeadas

CID: 2250303

Dáta Dúnta: 3i.n. ar an Déardaoin 31 Márta 2022

Reáchtálfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an feachtas earcaíochta seo de réir na gCód Cleachtais do Phoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a d'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) www.cpsa.ie

Táimid tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

TEAGMHÁIL LE:

AN TSEIRBHÍS UM CHEAPACHÁIN PHOIBLÍ, ÁRAS NA CAIBIDLE
26 – 30 SRÁID NA MAINISTREACH UACHTARACH, BAILE ÁTHA CLIATH 1

URL: www.publicjobs.ie
Ríomhphost: graduate@publicjobs.ie

Réamhrá

Tá an Státseirbhís ag croílár shochaí na hÉireann. Bíonn tionchar ag gach ní a dhéanaimid ar ár dtír agus, níos tábhachtaí fós, ar mhuintir na tíre. Is institiúid láidir agus iontaofa muid, atá ag freastal ar mhuintir na hÉireann ó bunaíodh an Stát. Le déanaí, tá ról tábhachtach á ghlacadh ag an Státseirbhís maidir le tacú le freagairt an Rialtais ar riachtanais an náisiúin le linn na paindéime. Cé go bhfuil na dúshláin atá roimh an Státseirbhís inniu difriúil ó na dúshláin a bhí ann nuair a bunaíodh an Stát, tá ár bpríomhluachanna mar an gcéanna.

Is eagraíocht mhór agus chasta í Státseirbhís na hÉireann, ina bhfuil beagnach 42,000 duine fostaithe i c. 40 Roinn agus Oifig Rialtais, a bhfuil freagrachtaí éagsúla acu chun tacú leis an Rialtas trí roghanna beartais agus reachtaíocht a fhorbairt chun dul i ngleic le ceisteanna móra náisiúnta, chun an tseirbhís phoiblí i gcoitinne a chomhordú, chun cabhrú leis an ngeilleagar a bhainistiú agus chun seirbhísí a sholáthar don phobal.

Tá [Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030](#) ina straitéis uailmhianach 10 mbliana don Státseirbhís. Cuirfear an Straitéis i bhfeidhm trí shraith de phleananna gnímh 3 bliana ina leagfar amach na spriocanna agus na tionscnaimh áirithe a úsáidfear chun gach ceann dár dtosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn chun Státseirbhís ionchuimsitheach, ardfheidhmíochta, atá tiomanta, solúbtha, ina bhfuil éagsúlacht le brath agus atá réidh chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ann cheana féin agus na dúshláin a thiocfaidh chun cinn amach anseo a chinntiú.

Nuair a chuireann an Státseirbhís na pleananna seo i gcrích agus nuair a léiríonn sí go bhfuil sí tiomanta do chaighdeáin na seirbhíse poiblí, is féidir léi eagraíocht ina bhfuil éagsúlacht le brath inti ach atá comhaontaithe, níos gairmiúla, níos freagrúla, níos oscailte agus níos cuntasáí a chruthú, a chothaíonn muinín in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Cuireann an Státseirbhís gairm an-sásúil agus éagsúil ar fáil d'iarrthóirí oiriúnacha, ina bhfuil téarmaí agus coinníollacha iomaíocha.

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) an comhlacht lárnach earcaíochta don tSeirbhís Phoiblí agus don Státseirbhís agus is í an tSCP a reáchtálfaidh an próiseas roghnaithe don chomórtas seo.

Bunóidh an tSCP painéal de dhaoine a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu chun folúntais a líonadh a d'fhéadfadh tarlú sa Státseirbhís. **Tabhair faoi deara go bhfuil poist do Shibhialtaigh sa Gharda Síochána.**

An Ról

Is féidir go mbeadh Oifigeach Riaracháin (Gnó/Airgeadas) ag plé le measúnú a dhéanamh agus comhairle a thabhairt faoi fhorbairtí airgeadais náisiúnta agus idirnáisiúnta agus comhairle faoi bheartas a thabhairt mar thacaíocht do spriocanna sóisialta agus eacnamaíochta an Rialtais. Is féidir go mbeadh ar an duine comhairle agus eolas a thabhairt don lucht ardbhainistíochta agus d'Airí faoi bheartas airgeadais agus gnó agus cabhrú le reachtaíocht a bhaineann le ceisteanna airgeadais a dhréachtú agus a chur tríd an Oireachtas.

Is féidir go mbeadh ar an duine monatóireacht a dhéanamh agus tuairisciú ar fheidhmiú airgeadais institiúidí airgeadais aonair agus comhairle agus tacaíocht a thabhairt faoi réimse na bhfreagrachtaí atá faoina chúram, lena n-áirítear: córais airgeadais a ullmhú, anailís riosca agus modhanna cuí a fhorbairt.

Tá baint ar leith ag beartas airgeadais le forbairt leanúnach gheilleagar na hÉireann agus le hiomaíochas idirnáisiúnta na tíre a chothabháil.

Is iad seo na príomhréimsí a mbeidh baint ag an Oifigeach Riaracháin (Gnó/Airgeadas) leo:

- forbairtí idirnáisiúnta airgeadais a mheas agus comhairle a thabhairt ina leith, lena n-áirítear forbairtí straitéiseacha sna seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta, seasmhacht airgeadais agus cúrsaí rialála;
- forbairt agus cur i bhfeidhm straitéisí ag leibhéal an AE/an limistéir Eorpaigh agus ag leibhéal idirnáisiúnta maidir le beartas eacnamaíochta, fíoscach agus airgeadais a chur le chéile
- cabhrú leis an Aire Airgeadais maidir le haighneachtaí réamhbhuiséid a ullmhú
- cur le hanailís maidir le beartas eacnamaíoch agus cánach baile agus idirnáisiúnta a ullmhú
- tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt leanúnach na gcóras éifeachtach rialála i leith seirbhísí airgeadais
- Reachtaíocht a dhréachtú agus a ullmhú, lena n-áirítear an Bille Airgeadais
- Beartas agus reachtaíocht náisiúnta agus AE/idirnáisiúnta a fhorbairt maidir le hearnáil na seirbhísí airgeadais agus trasúí threoracha AE
- comhairle agus eolas a ullmhú don lucht ardbhainistíochta agus d'Airí faoi cheisteanna airgeadais agus gnó ar bhonn náisiúnta, de chuid an AE nó ar bhonn domhanda
- cuntasáíocht Rialtais (beartas & caighdeán srl.), rialú inmheánach airgeadais; Córais Eolais Bhainistíochta;
- cabhair a thabhairt maidir le córais airgeadais agus hábhair luachála a ullmhú, taighde agus hanailís ar rioscaí;
- athbhreithniú ar dhoiciméadú i dtaca le hidirbhearta agus dícheall cúí;
- monatóireacht a dhéanamh agus tuairisciú ar fheidhmiú airgeadais institiúidí airgeadais ar leith
- Forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i gcrích straitéise eagraíochtúla agus pleananna gnó roinne

Táthar ag súil leis go gcuirfidh na hOR nua go mór le hobair na Státseirbhíse ón tús. Cé gur “ar an láthair” a bheidh cuid mhór den oiliúint, cuirfear cúrsaí ionductaithe agus oiliúna i scileanna ar leith ar fáil chun cuidiú leat a bheith ar an eolas faoin earnáil phoiblí. Tabharfaidh na daoine a cheapfar faoin gClár Forbartha do Chéimithe, a chuirfidh le do thaithí chun do shaineolas, do mhúinín, d'fhéinfheasacht agus d'éifeachtacht phearsanta a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh tú in ann barr do chumais a bhaint amach agus torthaí tábhachtacha a sholáthar go luath i do ghairm. Tuigtear go dtiocfaidh na deiseanna seo do chéimithe chun cinn i réimse Ranna.

Tá próiseas dian measúnaithe i gceist don phost mar Oifigeach Riaracháin agus is féidir go dtógfaidh sé roinnt ama. Déanann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iarracht, áfach, an próiseas a bheith chomh cuíchóirithe agus is féidir agus cuirfimid iarrthóirí ar an eolas de réir mar a théann siad tríd an bpróiseas roghnaithe.

Tá mionsonraí maidir leis na hinniúlachtaí ar chóir do gach OR a bheith acu leagtha amach in Aguisín 1. Chomh maith leis sin tá tuilleadh eolais faoi na riachtanais ar leith do gach sraith leagtha amach sa leabhrán eolais seo.

Ní mór don iarrthóir a chinntiú go bhfuil na riachtanais cháilitheachta do na poist a bhfuil siad ag déanamh iarratais orthu acu. Ní mór d'iarrthóirí a dheimhniú ag staid an iarratais go bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu. Ní hionann iarrthóir a ligean isteach ar chomórtas agus a rá go bhfuil siad cáilithe dul san iomaíocht sa chomórtas.

[Tuilleadh eolais faoin bhfeacachtas earcaíochta do chéimithe](#)

Iarrthóirí don tSraith Ghaeilge

Tá an Státseirbhís tiomanta go hiomlán dá dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh. Tá sé beartaithe folúntais a tharlaíonn ina bhfuil sé riachtanach réimse iomlán seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge (Dátheangach Feidhmiúil) a líonadh ón gcomórtas seo. Chuige sin,

is féidir le daoine a bhfuil Gaeilge líofa acu agus a chomhlíonann na critéir cháilitheachta ar fad thíos a spéis a shonrú ar an bhfoirm iarratais.

Beidh ar iarrthóirí a n-éiríonn leo ag staid na measúnuithe ar líne, agus a chuireann a suim in iúl ar an bhfoirm iarratais, tabhairt faoi mheasúnú ar a scileanna Gaeilge. Beidh ar gach iarrthóir an caighdeán cáilithe a bhaint amach i ngach gné de na céimeanna roghnaithe, lena n-áirítear measúnuithe Gaeilge sa bhreis, ionas go gcuirfear san áireamh iad don tsraith Ghaeilge. Ní mór dóibh an caighdeán riachtanach a bheith acu sa Ghaeilge, .i. a léiriú go bhfuil leibhéal B2, ar a laghad, bainte amach acu ar Chreat Féinmheasúnaithe-Europass.

Maidir leis an tsraith Ghaeilge, beidh sé riachtanach a bheith i láthair do mheasúnú/agallamh ar leith trí Ghaeilge.

Achoimre ar Choinníollacha Seirbhíse

Tuarastal Tosaigh: €33,889

Saoire Bhliantúil: 25 Lá

Uaireanta freastail: 43 huairé an chloig agus 15 nóiméad sa tseachtain san iomlán

Príomhchoinníollacha Seirbhíse: [CLICEÁIL ANSEO](#) chun féachaint ar na Coinníollacha Seirbhíse uilig

Próiseas Roghnaithe: Dátaí Tábhachtacha

Dáta Dúnta	3i.n. ar an Déardaoin 31 Márta 2022
Ní mór d'iarrthóirí faoi mhíchumas tuairiscí a chur ar aghaidh roimh a	3i.n. ar an Déardaoin 31 Márta 2022
Staid 1 - Trialacha ar líne	Lár mhí Aibreáin
Staid 2 - Ionad Measúnaithe	Go luath i mí an Mheithimh

Riachtanais Iontrála/Cháilitheachta

Is féidir nach gcinnteofar cáilíochtaí/cáilitheacht go dtí an chéim dheireanach sa phróiseas, mar sin i gcás iarrthóirí nach gcomhlíonann na riachtanais iomlána, **ar an nó roimh na dátaí a luaitear thíos**, agus a théann ar aghaidh lena n-iarratas, tá siad ag cur costais/dua gan ghá orthu féin agus ní thairgfear post dóibh san fheachtas seo.

Bí ar an eolas, le do thoil, nach féidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí comhairle a thabhairt faoi cháilíochtaí/cháilitheacht an duine mura gcuirtear iad faoi mheas mar gheall ar líon na n-iarratas. Ní mór don iarrthóir a chinntiú go bhfuil na riachtanais cháilitheachta a luaitear thuas acu. Tá sé de cheart ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a shocrú ag staid ar bith nach bhfuil iarrthóir cáilithe má cheapann siad nach bhfuil an cháilitheacht/cáilíochtaí riachtanacha acu m.sh. ón bhfoirm iarratais a cuireadh isteach. Beidh ar iarrthóirí atá á gcur faoi mheas tar éis staid dheiridh an phróisis roghnaithe fianaise i ndoiciméid a thabhairt faoina gcáilitheacht, cáilíochtaí san áireamh.

Is féidir go dtógfar amach as an gcomórtas am ar bith aon iarrthóir nach bhfuil in ann a léiriú go bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu. Ní hionann cuireadh chuig scrúdú, cuireadh chun agallaimh nó chuig aon ghné den phróiseas roghnaithe agus a rá go bhfuil iarrthóir incháilithe.

- [CLICEÁIL ANSEO](#) chun tuilleadh eolais a fháil faoi Cháilitheacht dul san Iomaíocht agus faoi Shrianta Áirithe maidir le Cáilitheacht

Ní mór d'iarthóirí na cáilíochtaí seo a leanas a bheith acu ar an nó roimh an 31 Márta 2021:

- (i) bunchéim onóracha (Leibhéal 8 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) den chéad nó den dara grád, ina ndearnadh staidéar ar an nGnó, an Eacnamaíocht, an gCuntasaíocht nó ábhar airgeadais mar phríomhábhar i scrúdú deiridh na céime

NÓ

- (ii) a bheith cáilithe mar Chuntasóir agus a bheith ina b(h)all d'fhoras aitheanta cuntasaíochta nó a bheith i dteideal ballraíochta den fhoras sin (caighdeán a bheith bainte amach sa scrúdú deiridh atá inghlactha ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí mar cháilíocht shásúil).

NÓ

- (iii) a bheith ag súil leis go mbeidh siad i dteideal bunchéim den chéad nó den dara grád (Leibhéal 8, ar a laghad, ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) a bheith acu, ina ndearnadh an Gnó, an Eacnamaíocht, an Chuntasaíocht nó ar ábhar airgeadais eile mar phríomhábhar i scrúdú deiridh na céime ar an nó roimh an **1 Meán Fómhair, 2022 ar a déanaí**;

AGUS

- (iv) na hinniúlachtaí atá leagtha amach in Aguisín 1 a bheith acu. Táthar ag súil leis go gcuirfidh na céimithe nua-earcaithe go mór le hobair na Seirbhíse Poiblí ón tús. Cé gur 'ar an láthair' a bheidh cuid mhór den oiliúint, cuirfear cúrsaí ionduchtaithe agus oiliúna i scileanna agus i réimsí ar leith oibre ar fáil chun cuidiú leat a bheith ar an eolas faoin earnáil poiblí.

Inmhianaithe

Go hidéalach, ba chóir d'iartrasóirí na nithe seo a bheith acu:

- Cáilíocht ábhartha eile m.sh. cáilíocht mar Anailísí Cairte Airgeadais (ACA), nó Cáilíocht Ghairmiúil Cuntasaíochta nó Máistreacht sa Riarachán Gnó (MRG)
- Is féidir go mbeadh taithí oibre i réimsí áirithe ina buntáiste i gcás post ar leith, m.sh. gnó, airgeadas, árachas, dlí, reachtaíocht, institiúid AE, rialáil airgeadais, obair chomórtais, comhlíonadh, cuntasaíocht nó anailís airgeadais, bainistíocht chreidmheasa agus riosca, státchiste, margaí caipitil fiachais, baincfeireacht chorparáideach, athstruchtúrú agus airgeadas corparáideach.

An Próiseas Iarratais agus Roghnaithe

Gnéithe Praiticiúla

- Ní mór iarratas a dheanamh ar líne trí www.publicjobs.ie.
- Sula ndéantar iarratas, ní mór d'iarthóirí "Cuntas Úsáideora" a bheith acu ar www.publicjobs.ie. Mura bhfuil sé déanta agat cheana féin, ní mór duit cliceáil ar 'Logáil Isteach' ar leathanach baile publicjobs agus clárú mar '**Úsáideoir Nua**' chun do Phróifíl a chruthú (cláraigh Cuntas Nua).

- Mura gcuimhníonn tú sonraí do phróifíle, ná cruthaigh an dara próifíl, d'fhéadfadh seo d'iarratas a chur ar ceal.
- Bí ar d'aire nach ionann clárú (Próifíl a chruthú) agus iarratas a chur isteach. Nuair atá Próifíl cruthaithe agat, ní mór duit an fhoirm iarratais a fháil, a choimhlíonadh agus a chur isteach.

Ceisteanna maidir le hAinm Úsáideora / Pasfhocal

Má tá dearmad déanta agat ar d'Ainm Úsáideora nó ar do Phasfhocal cliceáil ar an nasc seo:

<https://www.publicjobs.ie/candidateportal/home/forgottenDetail.do>

Conas teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Má tá deacracht agat fós le 'd'Ainm Úsáideora' nó le do 'Phasfhocal', seol ríomhphost chuig graduate@publicjobs.ie ag míniú do dheacrachtaí agus tabhair d'ainm agus do shonraí teagmhála, uimhir theileafóin san áireamh, chun gur féidir teagmháil a dhéanamh leat.

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas nach mbeidh tacaíocht ar fáil ach le linn uaireanta oifige go dtí an dáta dúnta.

- Ní mór d'iarrthóirí a seoladh ríomhphost bailí **féin** a úsáid. **Ní ghlacfar** le seoltaí ríomhphost ó thríú páirtithe agus is féidir go gcuirfidh siad d'iarratas ar ceal. Ní thabharfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí eolas faoi iarratais ach don iarrthóir amháin agus ní thabharfaidh siad eolas do thríú páirtí ar bith.
- Tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú d'ainm úsáideora agus do phasfhocal mar go mbeidh siad ag teastáil uait chun teacht ar do Chlár Teachtaireachtaí.
- Moltar go láidir duit gan an seoladh ríomhphost nó d'uimhir theileafóin a athrú le linn an fheachtais earcaíochta seo, mar go gcuirfear aon ríomhphost/teachtairacht téacs chuig an seoladh ríomhphost/uimhir theileafóin a tugadh ar dtús.
- Is ar líne a dhéanfar teagmháil le hiarrthóirí le linn an phróisis iarratais den chuid is mó. Seolfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an chuid is mó den chumarsáid chugat trí do Chlár Teachtaireachtaí publicjobs. Moltar duit féachaint ar do Chlár Teachtaireachtaí go rialta mar is féidir go n-aistreofaí fógraí ríomhphost faoi shonraí nua/ tástálacha a chuirtear chuig Clár na dTeachtairachtaí chuig do chomhad ríomhphost do Dhramhaíl/Thurscar (nó 'Promotions' i gcás gmail). Moltar duit freisin féachaint ar na comhaid seo ar fad go minic.
- Ní bheidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as comhfhreagras nár oscail nó nach bhfuair an t-iarrthóir. Ní mór dóibh a chinntiú go bhféachann siad go rialta ar a gClár Teachtaireachtaí agus go bhfaigheann siad gach cumarsáid a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chucu.
- Má thugtar cuireadh dóibh chuig tástálacha agus/nó agallamh, is faoin iarrthóir féin atá sé a bheith ar fáil ar an dáta(i) a shonraíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Mura bhfuil tú i láthair ar an dáta/ag an am cuí, glacfar leis gur tharraing tú siar as an gcomórtas.
- Tá Polasaí maidir le hlompar Mírreasúnta i bhfeidhm sa tSCP. Tá eolas faoin bpolasaí ar fáil ar [shuíomh gréasáin PublicJobs](#).

Conas Iarratas a Dhéanamh

Is faoin iarrthóir féin atá sé an(na) comórta(i)s ceart(a) a roghnú.

Cliceáil ar an gcnaipe 'Déan Iarratas Anois' chun an fhoirm ghréasáin a fháil. Tá an cnaipe seo ar fáil ag bun an leathanaigh ar a bhfuil an fógra poist d'Oifigigh Riaracháin ar www.publicjobs.ie. Ní mór duit an fhoirm ghréasáin a chomhlíonadh go hiomlán agus cliceáil ar an gcnaipe 'Cuir Isteach'.

Chomh luath agus a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach moltar duit filleadh ar do chuntas publicjobs agus a chinntiú go bhfuil sé curtha isteach trí '**M'Iarratais**'. Ba chóir duit féachaint arís ar an bhfoirm a chuir tú isteach agus a chinntiú go bhfuil sé comhlíonta go hiomlán agus go cruinn. Ag an staid seo ba chóir duit publicjobs.ie a chur le do liosta de dhaoine nó de theagmhálaithe sábháilte i do chuntas ríomhphoist chun nach gcuirfear cosc ar ríomhphoist ó publicjobs.ie.

Ní ghlacfar ach le hiarratais atá comhlíonta go hiomlán agus a chuirtear isteach ar líne san fheachtas. **Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta dúnta. Ní féidir le duine ach iarratas amháin a dhéanamh.**

Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an bhfeachtas seo, nó má thugtar cuireadh chucu tabhairt faoi ghné ar bith den phróiseas roghnaithe, ní hionann sin agus a rá go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó aon fhoras eile leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.

Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Tá ról tábhachtach ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le hiarrthóirí ó gach carn den tsochaí a mhealladh agus maidir lena chinntiú go bhfuil rochtain ag duine a bhfuil suim acu i ndeiseanna gairme ar na deiseanna sin. Táimid tiomanta do pholasaí comhdheiseanna do gach iarrthóir.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá cóiríocht réasúnta ag teastáil uait le linn an phróisis roghnaithe, molaimid go láidir duit é sin a chur in iúl dúinn ionas gur féidir linn a chinntiú go bhfaigheann tú an tacaíocht ata de dhíth ort.

Is éard atá i gceist le cóiríocht réasúnta inár bpróiseas roghnaithe ná socrúithe agus athruithe praiticiúla a dhéantar chun a chinntiú go bhfuil an deis chéanna ag iarrthóirí faoi mhíchumas agus atá ag gach iarrthóir eile. Maidir leis na socrúithe a chuirimid ar fáil, tá na socrúithe seo a leanas i gceist: teicneolaíocht chúnata, am sa bhreis, scríobhaithe agus/nó léitheoirí agus réimse de shocrúithe eile.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socrúithe ag teastáil uait, bí cinnte nach mbeidh tionchar aige sin ar do dhul chun cinn sa phróiseas roghnaithe; ní bheidh tú faoi mhíbhuntáiste má thugann tú eolas dúinn faoin míchumas atá ort nó faoi na socrúithe atá de dhíth ort. Coinneoidimid eolas faoin míchumas atá ort/faoi na socrúithe atá de dhíth ort faoi rún daingean.

Má éiríonn leat, ní sheolafar eolas a thugann tú dúinn faoin míchumas atá ort ag an staid seo den phróiseas ar aghaidh chuig an roinn fostaíochta, ach amháin má iarrann tú orainn seo a dhéanamh.

Má chuir tú in iúl ar d'fhoirm iarratais/phróifíl go bhfuil cóiríocht réasúnta ag teastáil uait, cuir tuairisc ó shíceolaí/tuairisc leighis ar aghaidh chuig ASU@publicjobs.ie

Is é is cúis leis an tuairisc eolas a thabhairt don tSCP ionas gur féidir cóiríocht réasúnta a chur ar fáil más cuí. Maidir leis an eolas sna tuairiscí sin atá cabhrach dúinn, tá an t-eolas seo a leanas san áireamh: torthaí aon tástálacha diagnóiseacha a rinne do shíceolaí/dhochtúir, agus achoimre ón síceolaí/dochtúir ar mholtaí maidir le do riachtanais. Is féidir leat codanna de thuairiscí leighis/thuairiscí ó shíceolaí a cheilt (a bhaint amach) má cheapann tú go bhfuil siad íogair nó nach bhfuil gá leo.

Ní mór na tuairiscí seo a chur ar aghaidh chuig aonad na Seirbhísí Measúnaithe roimh am dúnta gnó ar an Déardaoin **31 Márta, 2022**. Ní mór duit cóip scanta den tuairisc a sheoladh, trí mheán an ríomhphoist, chuig asu@publicjobs.ie

Má rinne tú iarratas ar chomórtas cheana leis an tSCP agus má chuir tú tuairisc isteach, seol ríomhphost chuig asu@publicjobs.ie chun a dheimhniú go bhfuil do thuairisc fos ar taifead.

Más mian leat plé a dhéanamh ar d'iarrthóireacht agus ar chóiríocht réasúnta ar féidir léi cabhrú leat le linn an phróisis earcaíochta, téigh i dteagmháil lenár dTacadóir Míchumais, Amanda Kavanagh ag amanda.kavanagh@publicjobs.ie Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le hinrochtaineacht ár seirbhíse, féach ar an leathanach ar a bhfuil eolas faoin [Inrochtaineacht](#).

Dáta Dúnta

Is é **3i.n. ar an Déardaoin 31 Márta 2022** an dáta deireanach ar a nglacfar le hiarratais chomhlíonta.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta dúnta. Mura bhfaigheann tú admháil faoi d'iarratas taobh istigh de dhá lá oibre ó lá d'iarratais, cliceáil ar d'fhilleán do Dhramháil/Thurscar' mar gur féidir fógraí i ríomhphost dul isteach i bhfillteáin do Dhramháil/ Thurscar (nó 'Promotions' i gcás Gmail). Sa chás nach bhfaigheann tú admháil go fóill, seol ríomhphost chuig graduate@publicjobs.ie agus cuir isteach d'ainm, d'UA iarrthóra agus do shonraí teagmhála. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go mbeidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige go dtí an dáta dúnta.

Próiseas Roghnaithe

Beidh roinnt gnéithe i gceist sa phróiseas roghnaithe don chomórtas seo. Is féidir go mbeidh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas i gceist:

- Ceistneoir Measúnaithe ar líne a chomhlíonadh;
- Triail(acha) ar líne agus/nó triail(acha) ar páipéar;
- Gearrliostú;
- Agallamh físe ar líne;
- Trialacha teanga (labhartha agus/nó scríofa) m.sh. i gcás iarrthóirí ar phoist mar Oibrí ar féidir leo feidmiú go Dátheangach don tsraith Ghaeilge;
- Agalla(i)mh Iomaíoch;
- Cur i láthair/Anailís a dhéanamh;
- Triail shamplach oibre nó cleachtadh eile a cheaptar atá riachtanach.

Ní mór d'iarrthóirí dul san iomaíocht agus an t-ionad is airde a bhaint amach chun go gcuirí iad faoi mheas le dul ar aghaidh chuig an gcéad staid eile den phróiseas roghnaithe ina bhfuil staideanna éagsúla. Socróidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ó am go ham an líon daoine a gheobhaidh cuireadh ag gach staid.

Is cuma cén sraitheanna comórtais ar leith a gcuireann tú isteach orthu, ní féidir leat na staideanna éagsúla den phróiseas roghnaithe a dhéanamh, an t-agallamh san áireamh, ach uair amháin. Maidir leis an tsraith dóibh siúd a bhfuil Líofacht acu sa Ghaeilge, beidh sé riachtanach scrúdú béil/measúnú Gaeilge a dhéanamh.

Nóta: Mura gcloiseann an tSeirbhís um Cheapacháin faoi **aon cheist nó faoi aon fhabhb at tharlaíonn**

Gearrliostú

Go hiondúil is mó i bhfad líon na n-iarratas a fhaightear ná líon na bpost a bhíonn ann, idir na folúntais reatha agus folúntais amach anseo. In ainneoin go gcomhlíonann tú riachtanais cháilitheachta an chomórtais, féadfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí cinneadh ar líon teoranta de na hiarrthóirí a chur faoi agallamh má bhíonn an oiread sin iarrthóirí ann a d'fhágfadh nach mbeadh sé indéanta gach duine a chur faoi agallamh. Sa chás seo, cuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun líon iarrthóirí, a bhfuil an dealramh orthu gurb iad is oiriúnaí don phost tar éis na foirmeacha iarratais a iniúchadh, a roghnú le dul faoi agallamh. Níltear ag tabhairt le fios go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach, nó nach bhfuil siad in ann tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil iarrthóirí áirithe atá níos cáilithe agus/nó a bhfuil níos mó taithí iomchuí acu.

Tugann bo(i)rd measúnaithe treoir don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le linn cibé próisis ghearrliostaithe faoina dtabharfaí, Bo(i)rd a iniúchann na foirmeacha iarratais agus a dhéanann iad a mheas de réir critéar réamhcheaptha atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Is ar mhaithe leat féin, dá réir, go dtabharfaí mionchuntas cruinn ort féin, idir thaithí agus cháilíochtaí, ar an bhfoirm iarratais.

Staid 1: Measúnú ar Líne

Chun cabhrú le hiarrthóirí a bheith ar fáil agus maidir lena gcúinsí áirithe féin, déanfar an chéad staid den phróiseas roghnaithe ar líne agus beidh sé riachtanach freastal ar thriail / agallamh níos moille. Is féidir leat na trialacha a dhéanamh i do rogha ionad in áit ina bhfuil fón póca nó ríomhaire ar fáil agus ceangal idirlín maith.

Ba chóir duit a bheith ar an eolas agus tú ag déanamh na dtrialacha seo ar ghréasáin TF slán, m.sh. gréasán i d'áit oibre nó i gcoláiste, ar ar féidir go bhfuil balla dóiteáin nó teicneolaíocht chosanta eile i bhfeidhm, go mb'fhéidir go mbeadh deacrachtaí teicniúla agat. Ba chóir duit smaoineamh ar do thrialacha a dhéanamh in áit eile nach bhfuil na srianta céanna ar an idirlíon inti. **Is fútsa atá sé a chinntiú go bhfuil rochtain iomlán agat ar an an idirlíon chun na trialacha a chomhlíonadh.** Ba chóir duit a chinntiú gur féidir leat na trialacha a chomhlíonadh in áit chiúin inar féidir leat díriú ar an obair agus gan aon rud ag cur isteach ort le linn na dtrialacha. Moltar duit an measúnú a dhéanamh ar ghléas a bhfuil taithí agat air.

Tá sé tábhachtach seoladh ríomhphoist ar féidir leat teacht air i gcónaí a thabhairt. Tabharfar tréimhse ama ar leith d'iarrthóirí chun an measúnú a chomhlíonadh. Cuirfear na(i)sc chuig an tástáil ar líne trí ríomhphost chuig Bord Teachtaireachtaí na n-iarratasóirí ar publicjobs.ie roimh an am atá ar fáil don tástáil. I gcás iarrthóirí nach gcomhlíonann na trialacha ar líne uilig roimh an dáta deiridh, glacfar leis nach bhfuil suim níos mó acu sa chomórtas agus ní thabharfar tuilleadh airde dá n-iarratais.

Dírítear d'aire ar Aguisín 2 '*Eolas Tábhachtach*'. Má thugtar cuireadh d'iarrthóirí dul ar aghaidh leis an bpróiseas iarratais, is féidir go mbeidh orthu trialacha a dhéanamh faoi mhaoirseacht.

Tabharfar eolas faoi gach staid roghnaithe d'iarrthóirí a fhaigheann cuireadh chuig an staid áirithe sin den phróiseas ag an am ceart. Níl aon fheidhm nó aon bhaint ag an tSCP le agus ní mholann sí aon chúrsa ullmhúcháin a sholáthraítear a bhaineann leis an bpróiseas roghnaithe.

An Chéad Chéim Eile

Má tá tú faoi mheas chun dul ar aghaidh chuig staidéanna eile den phróiseas roghnaithe agus seolfar eolas chugat ag an am cuí.

Nóta tábhachtach do státseirbhísigh reatha

Ba chóir do státseirbhísigh reatha atá incháilithe a chuireann iarratas isteach ar an gcomórtas seo agus a n-éiríonn leo a thabhairt faoi deara **nach mbeidh siad i dteideal** dul san iomaíocht i nó áit a fháil ar phainéal ó chomórtas ardaithe céime inmheánach agus idir-rannach **do ghrád an Ardoifigigh Feidhmiúcháin nó do ghrád ar aon chéim leis seo** a thuilleadh má ghlacann siad le tairiscint ar cheapachán mar Oifigeach Riaracháin ó phainéal a bhunaítear ón gcomórtas seo nó ó aon chomórtas eile.

Review and Complaint Procedures under the Code of Practice for Appointments to Positions in the Civil and Public Service Nósanna Imeachta Athbhreithnithe agus Gearáin faoin gCód Cleachtais do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí

Má tá iarrthóir míshásta i ndiaidh dóibh toradh a fháil d'aon staid de phróiseas roghnaithe, is féidir leo:

1. Iarratas a dhéanamh ar **Athbhreithniú ar chinneadh** a rinneadh le linn an phróisis
Nó
2. **Gearán a Dhéanamh** go raibh an próiseas roghnaithe atá i gceist míchothrom

Is féidir le hiarrthóir tabhairt faoi cheann amháin den dá nós imeachta maidir leis an ngné chéanna de phróiseas roghnaithe, ach ní féidir leo tabhairt faoin dá cheann. Sa chás gur tharla próiseas athbhreithnithe ar phróiseas roghnaithe faoi Alt 7 (de réir mar a leagtar amach thíos) den Chód Cleachtais, ní féidir le gearánaí athbhreithniú eile a lorg faoi Alt 8, seachas i gcásanna fioreisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) **ar a thoil**.

Níl aon dualgas ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an próiseas ceapacháin a stad a fhad is atá siad ag plé le hAthbhreithniú nó le Gearán. Tá an CCSP ag súil leis, áfach, go ndéanfaidh an tSCP idirghabháil, más féidir, i gcásanna ina socraíonn sí gur cosúil go ndearnadh earráid.

Iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7

Is féidir le hiarrthóir athbhreithniú a lorg má tá siad míshásta le cinneadh nó gníomh a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP). Déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iarratais ar athbhreithniú a mheas de réir fhorálacha **Ailt 7** na gCód Cleachtais do Phoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a fhoilsíonn an CCSP.

Nuair a dhéantar iarratas ar athbhreithniú, ní mór don iarrthóir na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair. Is féidir go ndiúltófar iarratas ar athbhreithniú murar féidir leis an iarrthóir fíricí a chur i láthair maidir lena gcás.

Mar chuid d'Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta agus maidir leis an gcinneadh a rinneadh faoi iarratas an iarrthóra. Seolfar toradh an Phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é sé idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe a riar.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil a bheith acu, is féidir leo tabhairt faoi na nósanna imeachta thíos.

Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá

neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leis.

- Ní mór don iarrthóir a c(h)úis gearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie nó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann siad amach na fíricí a léiríonn, dar leo, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.
- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ón bpróiseas roghnaithe an tAthbhreithniú Foirmiúil.
- Ní foláir toradh an Athbhreithnithe Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh de bharr an fhiosrúcháin le linn na tréimshe ama seo, ní mór don tSCP an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

Gearán a dhéanamh faoi Alt 8

Is féidir go gceapfadh iarrthóir gur sháraigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Cód Cleachtas an Choimisiúin ar bhealach a bhféadfadh cur as d'ionracas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Tríd an bpróiseas gearáin is féidir le hiarrthóir gearán a dhéanamh faoi **Alt 8** chuig an tSCP ar dtús agus chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin ar achomharc sa chás go bhfuil siad míshásta fós.

Mar thoradh ar phróiseas Gearáin faoi Alt 8, is féidir go socrófaí an tSCP nó an CCSP nár chloígh an próiseas earcaíochta agus roghnaithe atá i gceist leis an gcaighdeán a leagtar amach sa Chód Cleachtas. I gcásanna den chineál seo, is féidir go ndéanfaí an tSCP agus an CCSP moltaí chun a chinntiú nach dtiocfaidh na deacrachtaí céanna chun cinn arís sa todhchaí. **Ní féidir leis an gCCSP ordú a thabhairt don tSCP cinneadh a rinneadh le linn an phróisis cheapacháin a athrú.** Ba chóir d'iarrthóir atá ag iarraidh fiosrúchán a lorg maidir le cinneadh a rinneadh faoina n-iarratas mar chuid de phróiseas roghnaithe iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7, de réir mar a leagtar amach thuas.

Ní mór don ghearánaí na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an próiseas mícheart a chur i láthair. Ní mór don ghearánaí an ghné den Chód a sáraíodh, dar leo, a shainaithint agus aon doiciméad ábhartha a chabhródh lena líomhain a chur leis. Is féidir go gcaithfear amach gearán ar bith murar féidir leis an ngearánaí tacaíocht a thabhairt dá líomhaintí trí thaispeáint conas nár chomhlíon an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí prionsabail an Chóid seo.

Mar chuid den Ghearán Neamhfoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta. Seolfar toradh an Ghearáin Neamhfoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór Gearán Neamhfoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é sé idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe a riar.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfoirmiúil a bheith acu, is féidir leo tabhairt faoi na nósanna imeachta thíos.

Ní mór Gearán Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an Ghearáin Neamhfoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leis.

- Ní mór don iarrthóir a c(h)úis gearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie nó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann siad amach na fíricí a léiríonn, dar leo, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.
- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ón bpróiseas roghnaithe fiosrúchán maidir leis an nGearán Foirmiúil.
- Ní foláir toradh an Ghearáin Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh de bharr an fhiosrúcháin le linn na tréimshe ama seo, ní mór don tSCP an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

Tá tuilleadh eolais faoin nós imeachta thuas ar fáil sa Chód Cleachtais do Cheapacháin i bPost sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí www.cpsa.ie

Iarratis ar Aiseolas/Athsheiceálacha Trialach

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnaithe ar fáil má lorgaítear é. Is féidir iarratais a dhéanamh ar Aiseolas agus ar athsheiceálacha ar feadh tréimhse de 6 mhí tar éis dheireadh gach staide den chomórtas. Bí ar an eolas, áfach, gur próiseas ar leith é an Próiseas Athbhreithnithe a leagtar amach sa Chód Cleachtais agus go gcaithfear cloí le tréimhsí ama ar leith. Ní gá iarratas ar aiseolas/athsheiceáil a dhéanamh chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula lorgaíonn siad athbhreithniú. Ní feidir síneadh ama a chur leis an tréimhse ama a leagtar amach i gCód an CCSP ar chúis ar bith, lena n-áirítear chun aiseolas agus/nó torthaí aon athsheiceálacha a chur a fháil.

Cód Cleachtais a Shárú

Aon duine a sháróidh na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá an duine sin ciontach i gcion. Is féidir fíneáil agus/nó príosúnacht, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion,

- dícháileofar iad mar iarrthóir agus tógfar amach as an gcomórtas iad;
- má ceapadh iad i bpost tar éis an phróisis roghnaithe, cuirfear as an bpost iad.

Eolas Ginearálta

Is féidir leat [CLICEÁIL ANSEO](#) for chun eolas ginearálta a fháil faoin gcomórtas.

Irish Civil Service Administrative Officer Level Competency



Cumas Ceannaireachta	Tá an duine solúbtha agus toilteanach athrú agus cur go dearfach le hathruithe a chur i bhfeidhm
	Cuireann an duine le forbairtí beartais ina réimse féin agus sa Roinn/Eagraíocht i gcoitinne
	Déanann an duine iarracht tuiscint a fháil ar na himpleachtaí a bhaineann le seasamh áirithe a ghlacadh ar cheisteanna agus ar an gcaoi ar féidir tabhairt faoi spleáchas idir a chéile ar bhealach loighciúil agus seasta
	Baineann an duine an obair is fearr as an bhfoireann, ag spreagadh freagrachta, ag tabhairt tacaíochta agus ag obair go héifeachtach le daoine eile
	Bíonn tuairim ag an duine faoi cheisteanna a cheaptar atá tábhachtach agus cuireann siad go gníomhach le réimsí éagsúla
Anailís agus Cinntí a Dhéanamh	Cumas maidir le hanailís agus forbairt a dhéanamh ar bheartas, na tuairimí atá i bhfeidhm a cheistiú agus cur chuige leathanaigeanta a ghlacadh
	In ann tuiscint a fháil ar cheisteanna casta gan mhoill, tuigeann an duine an t-eolas/sonraí cuí (scríofa agus béil) gan mhoill
	Úsáideann an duine sonraí uimhriúla go cliste chun tuiscint a fháil agus measúnú a dhéanamh ar cheisteanna gnó
	Aithníonn an duine téamaí agus patrúin thábhachtacha i bhfoinsí éagsúla eolais, ag baint tuairimí stuama agus cothroma astu
	Tuigeann an duine na torthaí loighciúla a tharlaíonn mar gheall ar sheasamh áirithe a ghlacadh ar cheisteanna
	Duine atá seiftiúil agus cruthaitheach agus a cheapann modhanna nuálacha chun fadhbanna a réiteach agus cinntí a dhéanamh
Torthaí a Sholáthar	Tá an duine freagrach go pearsanta as aidhmeanna/spríocanna comhaontaithe agus baineann an duine iad amach
	Déanann an duine tionscadail éagsúla agus gníomhaíochtaí oibre a chur chun cinn agus a bhainistiú go rathúil
	Déanann an duine meastachán cruinn ama faoi thionscadail agus déanann an duine bainistíocht éifeachtach ar a c(h)uid ama féin, bíonn an duine ag faire amach d'fhadhbanna agus déanann siad plean chun déileáil leo
	Dírítear ar riachtanais na gcustaiméirí a shásamh i gcónaí
	Cinntíonn an duine go bhfuil an obair ar fad ar ardchaighdeán agus éifeachtach
	Úsáideann an duine acmhainní go héifeachtach agus bíonn an duine i gcónaí ag iarraidh na próisis a fheabhsú
Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide	Déanann an duine cumarsáid go líofa, go loighciúil agus go soiléir ó bhéal agus i scríbhinn
	In ann éisteacht go héifeachtach agus comhrá sa dá threo a fhorbairt gan mhoill
	Dírítear ar riachtanais na gcustaiméirí inmheánacha agus seachtracha a shásamh i gcónaí
	In ann tionchar a imirt ar dhaoine eile chun beart a dhéanamh
Oibríonn an duine chun tuiscint a chothú le daoine eile chun gur féidir oibriú i gcomhar le	

	daoine eile
	Oibríonn an duine go héifeachtach
Eolas Speisialtacha, Saineolas agus Féinfhorbairt	Ta tuiscint shoiléir ag an duine ar an ról, ar spriocanna agus ar aidhmeanna agus ar an gcaoi a n-oireann siad d'obair an aonaid agus na Roinne/ na hEagraíochta.
	Forbraíonn an duine anaineolas atá riachtanach chun an ról a chomhlíonadh ar ardchaighdeán agus roinneann an duine é le daoine eile
	Tá an duine gníomhach faoina bheith ar an eolas faoi cheisteanna agus faoi fhorbairtí tábhachtacha ar féidir leo tionchar a bheith acu ar a réimse féin, an Roinn agus/nó an tseirbhís phoiblí i gcoitinne
	Déanann an duine athbhreithniú rialta ar a c(h) oibre féin agus tugann siad aidhmeanna agus spriocanna dúshlánacha dóibh féin
	Táaineolas suntasach ag an duine ina réimse féin a aithníonn agus a úsáideann comhghleacaithe
Díograis agus Tiomantas do Chaighdeán Seirbhíse Poiblí	Déanann an duine iarracht feidhmiú ar ardchaighdeán i gcónaí
	Déanann an duine tréaniarracht faoi bhrú agus ní chuireann cáineadh nó dul ar gcúl ag an obair isteach orthu
	Léiríonn an duine sár-nuálaíocht, glacann siad freagracht as tionscadail agus léiríonn siad neamhspleáchas
	Tá an duine ionraic go pearsanta agus is féidir brath orthu
	Tugann an duine tús áite don saoránach i ngach próiseas agus córas
	Iompraíonn an duine iad féin go hionraic agus go heiticiúil

EOLAS TÁBHACHTACH **Téarmaí agus Coinníollacha**

Dírítear d'aire ar an eolas tábhachtach seo a leanas. Má lorgaíonn tú nó má dhéanann tú iarracht ábhar measúnaithe / trialach a lorg, aontaíonn tú go nglacann tú leis na téarmaí atá leagtha amach.

1. Tá gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus tá cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid de na trialacha /ábhair mheasúnaithe (aon téacs san áireamh agus/nó roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do fhreagraí) nó ábhar bainteach (lena n-áirítear ábhar cleachtaidh agus/nó eolais) a atáirgeadh nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadh, scríofa nó eile, ag staid ar bith. Is coir é seo a dhéanamh agus is féidir go bhfágfaí as an bpróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, cé acu an t-iarrthóir nó duine eile iad, nó a chuidíonn le duine(daoine) eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfí an dlí agus/nó agra dlí ar an duine sin as cailiteanas cóipchirt nó maoin intleachtúil.
2. Dírítear d'aire ar Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí. Féach go háirithe ar an nóta i Rannóg 5 - Dualgais na nIarrthóirí (féach thíos).

Canbhasáil

Ní foláir d'iarrthóirí a thuiscint go ndéanfar duine a dhícháiliú de thoradh canbhasála agus go ndéanfar iad a eisiáimh ón bpróiseas dá dheasca.

Dualgais na nIarrthóirí:

Níl cead ag iarrthóirí sa phróiseas earcaíochta:

- Eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- Duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- Cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó.

Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon staid den phróiseas.

Pionós sa chás nach gcloítear leis na forálacha

Duine ar bith a sháraíonn na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá siad ciontach i gcion. Dílfear fíneáil nó príosúnacht, nó iad araon, a chur ar dhuine a gheofar ciontach i gcion.

I gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- Sa chás nach bhfuil an duine ceaptha chuig post, dícháileofar iad mar iarrthóir; agus
- Sa chás gur ceapadh iad de thoradh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh siad an ceapachán sin.

3. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an bhfeachtas seo, nó má thugtar cuireadh do dhuine chuig aon ghné den phróiseas earcaíochta, ní hionann sin agus a rá go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.